II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1722 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Meitheamh 2021

lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an creat le haghaidh comhair agus malartú faisnéise idir údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit óstaigh i gcomhthéacs na maoirseachta ar institiúidí íocaíochta agus institiúidí ríomh-airgid a fheidhmíonn soláthar trasteorann seirbhísí íocaíochta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 29(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Teideal II de Threoir (AE) 2015/2366, leis an gcreat le haghaidh comhair agus malartú faisnéise idir údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit óstaigh ba cheart an comhar a fheabhsú idir na húdaráis inniúla agus maoirseacht chomhsheasmhach éifeachtúil a áirithiú ar institiúidí íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta i mBallstáit eile trí chóras, modh agus mionsonraí an chomhair a shonrú, lena n-áirítear raon feidhme agus láimhseáil na faisnéise atá le malartú.

(2) Chun cumarsáid agus malartú faisnéise le húdaráis inniúla i mBallstáit eile a éascú, ba cheart do na húdaráis inniúla pointí teagmhála aonair a ainmniú. Ba cheart dóibh fógra a thabhairt faoi na pointí teagmhála sin don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus do na húdaráis inniúla i mBallstáit eile ionas go mbeidh a fhios ag na húdaráis sin i mBallstáit eile cé chuige ar cheart dóibh a n-iarrataí agus a bhfógraí a sheoladh. Ba cheart do na húdaráis inniúla na teangacha inar féidir leo comhfhreagras a fháil ó na húdaráis inniúla i mBallstáit eile a chur in iúl freisin.

(3) Ba cheart foirmeacha caighdeánaithe a thabhairt isteach agus a chur ar fáil do na húdaráis inniúla chun a gcumarsáid a éascú nuair a bhíonn faisnéis á hiarraidh acu óna chéile agus á cur in iúl acu dá chéile, d'fhonn comhar comhsheasmhach éifeachtúil a áirithiú. Ba cheart na foirmeacha caighdeánacha sin a bheith solúbtha go leor le go mbeidh na húdaráis inniúla in ann na mínithe agus an fhaisnéis ábhartha a thabhairt isteach, arna iarraidh sin dóibh, agus ar a dtionscnamh féin, ar faisnéis í a mheasann siad a bheith riachtanach. Is inmhianaithe sprioc-amanna a thabhairt isteach chun moilleanna míchuí a sheachaint maidir le faisnéis a iarraidh agus a mhalartú agus fógra a thabhairt fúithi i measc na n-údarás inniúil.

(4) I gcás ina gceanglaíonn údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh ar institiúidí íocaíochta atá lonnaithe ina gcríoch tuairisciú dóibh go tréimhsiúil maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh, ba cheart dóibh a léiriú do na hinstitiúidí íocaíochta sin, a bhfuil a n-oifig chláraithe nó a gceannoifig lonnaithe i mBallstát eile, an teanga ina bhféadfaidh siad agus na modhanna leictreonacha, i gcás ina bhfuil fáil orthu, lena bhféadfaidh siad na tuarascálacha a chur isteach. Thairis sin, chun é a chur ar a chumas do ÚBE a shainordú a chomhlíonadh maidir le cur le comhar maoirseachta

([1]) IO L 337, 23.12.2015, lch. 35.

agus cóineasú mar a bheartaítear i Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus chun críocha Treoir (AE) 2015/2366 a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach, ba cheart do na húdaráis inniúla óstacha ÚBE a chur ar an eolas faoina gcinneadh ceangal a chur ar institiúidí íocaíochta a bhfuil brainsí nó gníomhairí acu laistigh dá gcríocha tuairisciú dóibh go tráthrialta.

(5) Le hinneachar agus formáid na dtuarascálacha atá le cur faoi bhráid na n-údarás inniúil óstach ag institiúidí íocaíochta a bhfuil brainsí nó gníomhairí acu laistigh dá gcríoch, ba cheart inchomparáideacht na sonraí a thuairiscítear agus, a mhéid is féidir, intuarthacht na sonraí a áirithiú.

(6) Chun an comhar a fheabhsú, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag údarás inniúil an Bhallstáit baile cigireacht ar an láthair a dhéanamh ar ghníomhaire nó brainse de chuid institiúid íocaíochta atá lonnaithe i gcríoch Ballstáit eile, ba cheart nós imeachta sonrach a leagan amach. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh a bheith in ann iarraidh ar údarás inniúil an Bhallstáit baile cigireacht ar an láthair a dhéanamh ag ceannoifig institiúide íocaíochta atá lonnaithe sa Bhallstát baile freisin. Ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach dul i mbun idirphlé leanúnach chun céimeanna éagsúla aon chigireachta ar an láthair a chomhordú.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 6(1)(a) de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), sa bhreis ar ríomh-airgead a eisiúint tá institiúidí ríomh-airgid i dteideal dul i mbun seirbhísí íocaíochta a sholáthar. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) den Treoir sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* maidir le hinstitiúidí ríomh-airgid ag na nósanna imeachta maidir le maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí íocaíochta a fheidhmíonn an ceart bunaíochta agus an tsaoirse seirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear aon tuairisciú tréimhsiúil a cheanglaítear ar institiúidí íocaíochta. Na forálacha maidir le maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí íocaíochta a fheidhmíonn an ceart bunaíochta agus an tsaoirse seirbhísí a sholáthar, suitear freisin le hAirteagal 3(4) de Threoir 2009/110/CE go bhfuil feidhm *mutatis mutandis* acu maidir le hinstitiúidí ríomh-airgid a dháileann ríomh-airgead i mBallstát eile trí bhíthin daoine nádúrtha nó dlíthiúla a ghníomhaíonn thar a gceann, cé is moite de phointí teagmhála lárnacha a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 29(4) de Threoir (AE) 2015/2366. Foráiltear le hAirteagal 3(5) de Threoir 2009/110/CE nach bhféadfaidh institiúidí ríomh-airgid ríomh-airgead a eisiúint trí ghníomhairí, cé go bhfuil cead acu seirbhísí íocaíochta a sholáthar trí ghníomhairí faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19 de Threoir (AE) 2015/2366. An comhar trasteorann idir údaráis inniúla i ndáil le hinstitiúidí ríomh-airgid a bhfuil brainsí, gníomhairí nó dáileoirí acu laistigh de chríoch Ballstáit óstaigh, ba cheart é a éascú maidir le hinneachar agus formáid na dtuarascálacha atá le cur isteach. Mar sin féin, níor cheart ach d'institiúidí ríomh-airgid a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta trí bhíthin brainsí nó gníomhairí ar bunaíochtaí sna Ballstáit óstacha iad faisnéis a chur isteach chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Teidil III agus IV de Threoir (AE) 2015/2366.

(8) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ÚBE.

(9) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ÚBE maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo leagtar síos an creat le haghaidh comhair agus malartú faisnéise idir údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit óstaigh i gcomhréir le Teideal II de Threoir (AE) 2015/2366 agus, sa mhéid a dhéantar gnó na seirbhísí íocaíochta faoin gceart bunaíochta, chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Teidil III agus IV den Treoir sin.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

([3]) Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun gnó foras airgid leictreonaigh, gnó den sórt sin a shaothrú nó maoirsiú stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

2. Leagtar síos leis an Rialachán seo freisin modhanna agus mionsonraí aon tuairiscithe thréimhsiúil a éilíonn údaráis inniúla na mBallstát óstach ar institiúidí íocaíochta a bhfuil gníomhairí nó brainsí acu laistigh dá gcríoch maidir leis na gníomhaíochtaí gnó íocaíochta a dhéantar ina gcríoch, lena n-áirítear minicíocht an tuairiscithe sin, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 29(2) de Threoir (AE) 2015/2366.

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an Rialachán seo freisin maidir leis an gcreat le haghaidh comhair, agus le haghaidh malartú faisnéise, idir údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit óstaigh maidir le feidhmiú an chirt bunaíochta nó na saoirse chun seirbhísí a sholáthar ag institiúidí ríomh-airgid i gcomhréir le hAirteagal 111 de Threoir (AE) 2015/2366, lena n-áirítear modhanna agus mionsonraí aon tuairiscithe thréimhsiúil a éilíonn údaráis inniúla na mBallstát óstach ar institiúidí ríomh-airgid a bhfuil gníomhairí, brainsí nó dáileoirí acu laistigh dá gcríoch maidir leis na gníomhaíochtaí gnó íocaíochta a dhéantar ina gcríoch, lena n-áirítear minicíocht an tuairiscithe sin, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 29(2) de Threoir (AE) 2015/2366.

Airteagal 2

Pointí teagmhála aonair

1. Ainmneoidh na húdaráis inniúla pointe teagmhála aonair chun iarrataí ar chomhar agus ar mhalartú faisnéise a fháil agus a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 4. Is bosca ríomhphoist feidhmiúil tiomnaithe a bheidh sa phointe teagmhála aonair.

2. Cuirfidh gach údarás inniúil faisnéis faoi na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear i mír 1 ar fáil do na húdaráis inniúla eile agus don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE).

3. Ar bhonn na faisnéise a fuair na húdaráis inniúla, coinneoidh ÚBE liosta de na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear i mír 1 agus cuirfidh sé an liosta sin ar fáil do na húdaráis inniúla.

4. Cuirfidh na húdaráis inniúla tuairiscí cothrom le dáta ar an bhfaisnéis faoi phointí teagmhála aonair dá dtagraítear i mír 1 in iúl do ÚBE agus is iad amháin a bheidh freagrach as bailíocht na faisnéise a chuirfear ar fáil do ÚBE.

Airteagal 3

Ceanglais ghinearálta

1. Na hiarrataí ar fhaisnéis agus na freagairtí a mhalartófar idir na húdaráis inniúla i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfar iad a chur isteach i scríbhinn i dteanga is gnách a úsáid i réimse an airgeadais, nó in aon teanga de chuid an Aontais lena nglacann údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach.

Déanfar na hiarrataí agus na freagairtí sin a tharchur go leictreonach ar bhealach slán, i gcás ina nglacfaidh údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach leis na modhanna sin.

2. I gcás ina bhfuil cúiseanna oibiachtúla ag an údarás iarrthach lena dtugtar údar maith le práinn na hiarrata, féadfaidh an t-údarás iarrthach an iarraidh a dhéanamh ar mhodhanna eile seachas na modhanna dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear í a dhéanamh ó bhéal. Aon iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise a dhéanfar ó bhéal, déanfar í a dheimhniú i scríbhinn ina dhiaidh sin i gcomhréir le mír 1, mura gcomhaontóidh na húdaráis inniúla lena mbaineann a mhalairt.

3. Cuirfidh gach údarás inniúil na teangacha lena nglactar i gcomhréir le mír 1 in iúl do ÚBE. Cuimseoidh ÚBE an fhaisnéis sin, i gcás gach údaráis inniúil, ar an liosta de na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 2(2).

Airteagal 4

Iarrataí ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise a thíolacadh

Déanfar iarrataí ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise le húdarás inniúil i mBallstát eile a chur faoi bhráid phointe teagmhála aonair an údaráis iarrtha tríd an bhfoirm in Iarscríbhinn I a líonadh isteach. Féadfaidh an t-údarás iarrthach aon doiciméad nó ábhar eile a mheastar a bheith riachtanach chun tacú leis an iarraidh a chur i gceangal leis an iarraidh.

Airteagal 5

Freagra ar iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise

1. Tráth nach déanaí ná fiche lá oibre tar éis iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise a fháil, cuirfidh an t-údarás iarrtha an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

(a) an fhaisnéis ábhartha uile arna sonrú ag an údarás iarrthach;

(b) an fhaisnéis riachtanach uile, ar a thionscnamh féin.

Cuirfear an fhaisnéis ar fáil agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Cuirfear í faoi bhráid phointe teagmhála aonair an údaráis iarrthaigh.

2. Cuirfidh an t-údarás iarrtha an t-údarás iarrthach ar an eolas faoi aon soiléiriú lena bhfuil gá aige i ndáil leis an iarraidh a fhaightear.

3. I gcás nach mbeidh an t-údarás iarrtha in ann cloí leis an teorainn ama a leagtar amach i mír 1, ar bhonn chastacht na hiarrata nó mhéid na faisnéise a iarradh, cuirfidh sé an t-údarás iarrthach ar an eolas láithreach faoi na cúiseanna inchosanta le haon mhoill den sórt sin agus cuirfidh sé dáta measta freagartha ar fáil.

4. I gcás nach mbeidh an t-údarás iarrtha in ann an fhaisnéis uile atá de dhíth a chur ar fáil laistigh den teorainn ama a leagtar amach i mír 1, cás dá dtagraítear i mír 3, soláthróidh sé an fhaisnéis atá ar fáil dó laistigh den teorainn ama a leagtar amach sa mhír sin. Chun na críche sin, bainfidh sé úsáid as an bhfoirm in Iarscríbhinn II.

5. Cuirfidh an t-údarás iarrtha an fhaisnéis atá in easnamh ar fáil a luaithe a bheidh sí ar fáil. Féadfaidh an t-údarás iarrtha an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar aon bhealach, lena n-áirítear í a chur ar fáil ó bhéal, lena n-áirithítear go bhféadfar aon bheart is gá a dhéanamh go caoithiúil.

6. I gcás ina ndearnadh an nós imeachta chun easaontas idir na húdaráis inniúla i mBallstáit éagsúla a réiteach a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 27 de Threoir (AE) 2015/2366 maidir le hiarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise, ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 4 den Airteagal seo go dtí go ndéanfar an nós imeachta faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 a chur i gcrích.

Airteagal 6

Fógra gur beartaíodh cigireacht ar an láthair a dhéanamh sa Bhallstát óstach

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag údarás inniúil an Bhallstáit baile cigireacht ar an láthair a dhéanamh ar ghníomhaire nó brainse de chuid institiúid íocaíochta atá lonnaithe i gcríoch Ballstáit eile, tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh trí bhíthin an fhoirm in Iarscríbhinn III a líonadh isteach.

Airteagal 7

Nós imeachta maidir le hiarraidh ar chigireacht ar an láthair a dhéanamh

1. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag údarás inniúil an Bhallstáit baile an cúram a tharmligean chuig údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh cigireacht ar an láthair a dhéanamh ar ghníomhaire nó brainse de chuid institiúid íocaíochta atá lonnaithe ina chríoch, seolfaidh sé iarraidh chuig údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh ina dtabharfar na cúiseanna leis an iarraidh. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile iarraidh a dhéanamh an chigireacht a dhéanamh go comhpháirteach le húdarás inniúil an Bhallstáit óstaigh.

2. I gcás nach mbeidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh in ann an iarraidh a chomhlíonadh, ar bhonn chastacht na hiarrata, cuirfidh sé údarás inniúil an Bhallstáit baile ar an eolas láithreach, agus luafaidh sé na cúiseanna inchosanta a chuireann cosc air an iarraidh a chomhlíonadh.

3. Rachaidh údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach i mbun idirphlé leanúnach chun céimeanna éagsúla na cigireachta ar an láthair a chomhordú agus tiocfaidh siad ar chomhaontú roimh ré maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) ábhar agus raon feidhme na cigireachta;

(b) clár maoirseachta ina leagtar amach na réimsí éagsúla a mbeidh an chigireacht dírithe orthu;

(c) leithdháileadh acmhainní agus foirne;

(d) amlínte maidir leis an gcigireacht a thabhairt chun críche;

(e) freagracht as aon ghníomhaíocht forfheidhmithe agus as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme aon phlean maolaithe riosca a mheastar a bheith riachtanach mar thoradh ar an gcigireacht.

4. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile an iarraidh isteach i gcomhréir le hAirteagal 4 agus freagróidh an t-údarás iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 5.

5. Chun maoirseacht chomhsheasmhach agus éifeachtúil a áirithiú ar institiúidí íocaíochta a fheidhmíonn soláthar trasteorann seirbhísí íocaíochta, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh a iarraidh ar údarás inniúil an Bhallstáit baile cigireacht ar an láthair a dhéanamh ag ceannoifig institiúide íocaíochta atá lonnaithe sa Bhallstát baile agus a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta sa Bhallstát óstach, agus na cúiseanna leis an iarraidh á lua aige.

6. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh na hiarrataí isteach faoi mhír 5 i gcomhréir le hAirteagal 4.

7. I gcás ina ndearnadh an nós imeachta chun easaontas idir na húdaráis inniúla i mBallstáit éagsúla a réiteach a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 27 de Threoir (AE) 2015/2366 maidir le hiarraidh cigireacht ar an láthair a dhéanamh, ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 4 den Airteagal seo go dtí go ndéanfar an nós imeachta faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 a chur i gcrích.

Airteagal 8

Fógra má bhíonn sárú nó sárú amhrasta ann

1. Tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach fógra dá chéile láithreach i gcomhréir le hAirteagal 4, ar fháil amach dóibh faoi aon sárú nó sárú amhrasta a rinne gníomhaire nó brainse institiúide íocaíochta, nó faoi sháruithe den sórt sin a tharlaíonn agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar á feidhmiú acu.

2. Déanfaidh an t-údarás inniúil a thugann fógra an fhaisnéis fhíor-riachtanach ar fad faoi na sáruithe nó na sáruithe amhrasta dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar don údarás inniúil ar tugadh fógra dó, agus áireofar an méid seo a leanas ar an bhfaisnéis sin:

(a) an cineál sáraithe;

(b) aon ghníomhaíocht arna déanamh ag an údarás inniúil amhail bearta réamhchúraim arna n-eisiúint in aghaidh na hinstitiúide íocaíochta, smachtbhannaí nó aistarraingtí údaraithe.

Aon fhaisnéis eile a mheasann an t-údarás inniúil a thugann fógra a bheith ábhartha don údarás inniúil ar tugadh fógra dó, féadfaidh sé í a sholáthar don údarás inniúil ar tugadh fógra dó.

3. Aon fhaisnéis eile a mheasann an t-údarás inniúil ar tugadh fógra dó a bheith ábhartha chun cinneadh a dhéanamh faoin ngníomhú iomchuí, féadfaidh sé í a iarraidh ar an údarás inniúil a thugann fógra.

4. Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra dá chéile maidir leis sin tríd an bhfoirm atá in Iarscríbhinn IV a chomhlánú. Féadfaidh an t-údarás a thugann fógra aon doiciméad nó aon ábhar tacaíochta eile a mheastar a bheith ábhartha a chur i gceangal leis an gcumarsáid.

5. Má chreideann an t-údarás inniúil a thugann fógra gur cheart an fhaisnéis a sheoladh go práinneach, féadfaidh sé an t-údarás inniúil eile a chur ar an eolas ó bhéal ar dtús, ar choinníoll go ndéanfar an fhaisnéis a tharchur i scríbhinn go leictreonach ina dhiaidh sin, mura gcomhaontaíonn na húdaráis inniúla a mhalairt.

Airteagal 9

Tuairisciú chun críche faisnéise nó staidrimh agus chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Teidil III agus IV de Threoir (AE) 2015/2366

1. I gcás ina gceanglóidh údaráis inniúla na mBallstát óstach ar institiúidí íocaíochta a bhfuil a n-oifig chláraithe nó a gceannoifig i mBallstát eile agus a bhfuil brainsí nó gníomhairí acu sa Bhallstát óstach chun tuarascáil a thabhairt dóibh go tréimhsiúil maidir lena ngníomhaíochtaí, léireoidh na húdaráis inniúla sin do na hinstitiúidí íocaíochta an modh leictreonach trínar féidir leo tuarascálacha a chur isteach agus na teangacha inar féidir an tuarascáil a chur isteach.

2. Cuirfidh údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh ÚBE ar an eolas faoina gcinneadh ceangal a chur ar institiúidí íocaíochta a bhfuil brainsí nó gníomhairí acu laistigh dá gcríocha tuairisciú dóibh go tréimhsiúil.

Airteagal 10

Faisnéis agus sonraí atá le tuairisciú chun críoch faisnéise nó staidrimh

1. I gcás inar gá an tuairisciú tréimhsiúil dá dtagraítear in Airteagal 9 chun críoch faisnéise nó staidrimh, áireofar sna tuarascálacha an fhaisnéis seo a leanas:

(a) ainm, seoladh agus, i gcás inarb infheidhme, uimhir údaraithe agus uimhir aitheantais uathúil na hinstitiúide íocaíochta sa Bhallstát baile i gcomhréir leis an bhfoirm in Iarscríbhinn V;

(b) céannacht agus sonraí teagmhála an duine atá freagrach as an tuairisc a chur isteach;

(c) cineál na seirbhísí íocaíochta agus na seirbhísí ríomh-airgid a sholáthraítear, i gcás inarb infheidhme;

(d) líon na n-áiteanna gnó a mheastar a bheith ina mbrainse aonair mar a shainmhínítear in Airteagal 4(39) de Threoir (AE) 2015/2366, a seoladh agus líon na bhfostaithe;

(e) líon na ngníomhairí a chláraítear laistigh den tréimhse tuairiscithe agus líon iomlán na ngníomhairí, arna miondealú i líon faoin tsaoirse seirbhísí a sholáthar agus líon faoin gceart bunaíochta;

(f) más infheidhme, líon na ndáileoirí ríomh-airgid a chláraítear laistigh den tréimhse tuairiscithe agus líon iomlán na ndáileoirí, arna miondealú i líon faoin tsaoirse seirbhísí a sholáthar agus líon faoin gceart bunaíochta;

(g) ainmneacha agus seoltaí na ndeich ngníomhaire is mó, agus na ndeich ndáileoir is mó, más infheidhme, sa Bhallstát óstach de réir líon na n-idirbheart;

(h) méid iomlán na n-idirbheart arna ndéanamh ag an institiúid íocaíochta laistigh den tréimhse tuairiscithe, arna miondealú de réir chineál na seirbhíse íocaíochta, de réir an tslabhra dáilte (brainse, ar líne, fón póca, uathmheaisín bainc, teileafóin, etc.) agus de réir an ghníomhaire/bhrainse (ní mór líon na n-idirbheart a thagann isteach sa Bhallstát óstach agus amach as a shonrú freisin);

(i) luach iomlán na n-idirbheart arna ndéanamh ag an institiúid íocaíochta laistigh den tréimhse tuairiscithe, arna miondealú mar seo a leanas:

  (i) cineálacha seirbhíse íocaíochta,

  (ii) slabhra dáilte

  (iii) gníomhaire nó brainse

  (iv) idirbhearta a thagann isteach sa Bhallstát óstach agus amach as;

(j) i gcás institiúidí ríomh-airgid, luach an ríomh-airgid a dháiltear agus a fhuasclaítear sa Bhallstát óstach;

(k) líon na gcuntas íocaíochta, lena n-áirítear cuntais ina ndéantar ríomh-airgead a stóráil, a osclaítear nó a bhfuil rochtain orthu sa Bhallstát óstach laistigh den tréimhse tuairiscithe, agus líon iomlán na gcuntas íocaíochta a oibrítear nó a choinnítear ar bun sa Bhallstát óstach;

(l) líon na n-ionstraimí íocaíochta cártabhunaithe arna n-eisiúint sa Bhallstát óstach laistigh den tréimhse tuairiscithe, arna miondealú de réir an chineáil ionstraime íocaíochta cártabhunaithe agus ina luaitear líon gan íoc na n-ionstraimí íocaíochta cártabhunaithe arna n-eisiúint sa Bhallstát óstach;

(m) líon na n-uathmheaisíní bainc arna n-oibriú/arna mbainistiú ag an institiúid íocaíochta sa Bhallstát óstach, más infheidhme, agus na haistarraingtí airgid ó chuntais íocaíochta agus an t-airgead a chuirtear i gcuntais íocaíochta trí na huathmheaisíní bainc sin arna n-oibriú/arna mbainistiú ag an institiúid íocaíochta sa Bhallstát óstach;

(n) líon na gcustaiméirí (creatchonarthaí) agus na n-úsáideoirí seirbhísí íocaíochta (idirbhearta íocaíochta aonair) sa Bhallstát óstach arna gclárú laistigh den tréimhse tuairiscithe agus an líon iomlán ag deireadh na tréimhse;

(o) líon comhiomlánaithe na ngearán a bhaineann leis na cearta agus na hoibleagáidí faoi Theidil III agus IV de Threoir (AE) 2015/2366 agus na ngearán ó chustaiméirí a bhaineann le slándáil ar gearáin iad a fhaightear ó úsáideoirí seirbhísí íocaíochta sa Bhallstát óstach laistigh den tréimhse tuairiscithe;

(p) méid na n-idirbheart íocaíochta calaoiseach agus luach na n-oll-idirbheart íocaíochta calaoiseach arna dtabhú sa Bhallstát óstach laistigh den tréimhse tuairiscithe; agus

(q) líon na dtuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha arna seoladh chuig an aonad um fhaisnéis airgeadais sa Bhallstát óstach.

2. Tuairisceoidh institiúidí íocaíochta luachanna in airgeadra an Bhallstáit óstaigh agus, i gcás inar gá chun airgeadraí a chomhshó, cuirfidh siad meánráta malairte tagartha an Bhainc Ceannais Eorpaigh i bhfeidhm ar feadh na tréimhse tuairiscithe is infheidhme.

3. Tuairisceoidh institiúidí íocaíochta an fhaisnéis sin d'údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh agus na teimpléid in Iarscríbhinn V á n-úsáid acu. Déanfaidh institiúidí íocaíochta an fhaisnéis sin a thuairisciú gach bliain, le haghaidh na bliana féilire, laistigh de 2 mhí tar éis dheireadh gach bliana féilire.

Airteagal 11

Faisnéis agus sonraí breise le tuairisciú chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Teidil III agus IV de Threoir (AE) 2015/2366

1. I gcás ina dteastaíonn tuairisciú tréimhsiúil ó údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Teidil III agus IV de Threoir (AE) 2015/2366, déanfaidh gach institiúid íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta ina chríocha trí bhrainsí nó gníomhairí faoin gceart bunaíochta an fhaisnéis go léir dá dtagraítear in Airteagal 10 agus an fhaisnéis seo a leanas a chuimsiú ina dtuarascálacha:

(a) ainm agus sonraí teagmhála an duine nó na ndaoine atá freagrach as gníomhaíocht na hinstitiúide íocaíochta agus ainm agus sonraí teagmhála an oifigigh comhlíontachta, murab ionann iad, sa Bhallstát óstach, i gcás inarb infheidhme;

(b) ainm agus sonraí teagmhála an lárphointe teagmhála i gcomhréir le hAirteagal 29(4) de Threoir (AE) 2015/2366, i gcás inarb infheidhme;

(c) líon na ngearán a fuarthas ó úsáideoirí seirbhísí íocaíochta sa Bhallstát óstach maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí faoi Theidil III agus IV de Threoir (AE) 2015/2366 agus gearáin a bhaineann le slándáil ó chustaiméirí laistigh den tréimhse tuairiscithe, arna miondealú de réir líon na ngearán a socraíodh agus líon na ngearán nár socraíodh, agus de réir líon na ngearán a freagraíodh agus líon na ngearán nár freagraíodh, in aghaidh an ghníomhaire nó an bhrainse;

(d) tuairisc ghairid ar an nós imeachta atá i bhfeidhm chun gearáin ó chustaiméirí a láimhseáil agus chun bearta leantacha a dhéanamh ina leith;

(e) leasuithe ar chreatchonarthaí laistigh den tréimhse tuairiscithe;

(f) líon na mórtheagmhas oibríochtúil agus slándála a raibh tionchar acu ar úsáideoirí seirbhísí íocaíochta sa Bhallstát óstach laistigh den tréimhse tuairiscithe;

(g) líon comhiomlánaithe na n-iarrataí ar aisíocaíochtaí arna bhfáil ó úsáideoirí seirbhísí íocaíochta laistigh den tréimhse tuairiscithe le haghaidh idirbhearta íocaíochta a rinneadh go neamhúdaraithe nó go mícheart agus, i gcás inarb iomchuí, líon comhiomlánaithe na n-iarrataí ar aisíocaíochtaí a fuarthas ó úsáideoirí seirbhísí íocaíochta agus ó sholáthraithe seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas (ASPSPanna) laistigh den tréimhse tuairiscithe i leith caillteanais a eascraíonn as ceann amháin nó níos mó de na dliteanais dá dtagraítear in Airteagal 5, (2) agus (3), de Threoir (AE) 2015/2366, arna miondealú de réir líon na n-idirbheart a aisíocadh leis an gcuntas íocaíochta agus an líon nár aisíocadh;

(h) luach iomlán na n-aisíocaíochtaí a dhéantar le húsáideoirí seirbhísí íocaíochta laistigh den tréimhse tuairiscithe, arna miondealú de réir idirbhearta íocaíochta a rinneadh go neamhúdaraithe agus go mícheart, agus, i gcás inarb iomchuí, luach iomlán na n-aisíocaíochtaí a dhéantar le húsáideoirí seirbhísí íocaíochta agus ASPSPanna le haghaidh caillteanais a eascraíonn as na dliteanais dá dtagraítear in Airteagal 5, (2) agus (3), de Threoir (AE) 2015/2366, arna miondealú de réir idirbhearta íocaíochta a rinneadh go neamhúdaraithe agus go mícheart, rochtain neamhúdaraithe agus chalaoiseach ar fhaisnéis faoi chuntais íocaíochta agus úsáid neamhúdaraithe agus chalaoiseach a baineadh as faisnéis den sórt sin;

(i) tuairisc ghairid ar shamhail ghnó na hinstitiúide íocaíochta, ina ndíreofar ar an gcaoi a soláthraítear seirbhísí íocaíochta sa Bhallstát óstach.

2. Tabharfaidh institiúidí íocaíochta tuarascáil ar luachanna in airgeadra an Bhallstáit óstaigh agus, i gcás inar gá chun airgeadraí a chomhshó, cuirfidh siad meánráta malairte tagartha an Bhainc Ceannais Eorpaigh i bhfeidhm ar feadh na tréimhse tuairiscithe is infheidhme.

3. Tuairisceoidh institiúidí íocaíochta an fhaisnéis atá liostaithe i mír 1 d'údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh san fhoirm a leagtar síos in Iarscríbhinn VI. Tuairisceoidh institiúidí íocaíochta an fhaisnéis go bliantúil, le haghaidh na bliana féilire, laistigh de 2 mhí ó dheireadh gach bliana féilire.

Airteagal 12

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise

Uimhir thagartha:	**Dáta:**
Ó:	**GO:**
Ballstát:	Ballstát:
Údarás inniúil:	Údarás inniúil:
Seoladh:	Seoladh:
Ainm:	Ainm:
Teil.	Teil.
R-phost.	R-phost.

A (*ainm*), a chara,

Faoi Airteagal 29 de Threoir (AE) 2015/2366 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, tá d'ionchur á lorg againn maidir leis an ábhar/na hábhair a shonraítear thíos.

Bheinn buíoch díot as freagra a fháil ar an iarraidh seo faoin (*líon isteach dáta táscach an fhreagra*) nó, murar féidir é sin a dhéanamh, as dáta measta d'fhreagra a chur in iúl.

An cineál iarrata

Cuir tic leis an mbosca (nó na boscaí) cuí, le do thoil:

Faisnéis a sholáthar ☐

Cigireacht ar an láthair ☐

Cigireacht a tharmligean ☐

Eile – tabhair sonraí thíos le do thoil ☐

Soláthair na príomhchúiseanna leis an iarraidh, le do thoil:

……

……

……

……

Soláthair miontuairisc ar an bhfaisnéis atá á lorg, le do thoil:

……

……

……

……

Tabhair aon fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh a bheith ina díol spéise agus a d'fhéadfadh cuidiú leis an údarás lena mbaineann freagra tapa a thabhairt, le do thoil:

……

……

……

……

Má tá práinn leis an iarraidh, mínigh an fáth go bhfuil sé práinneach agus cén fáth go bhfuil an sprioc-am gearr, le do thoil:

……

……

……

……

Cuir isteach, le do thoil, aon bharúil bhreise maidir le rúndacht sonraí agus maidir leis an gcaoi a bhfuil tú ag súil le húsáid a bhaint as an bhfaisnéis atá tugtha agat:

……

……

……

……

Mise le meas,

(*síniú*)

IARSCRÍBHINN II

Freagra ar iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise

Uimhir thagartha:	**Dáta:**
Ó:	**GO:**
Ballstát:	Ballstát:
Údarás inniúil:	Údarás inniúil:
Seoladh:	Seoladh:
Ainm:	Ainm:
Teil.	Teil.
R-phost.	R-phost.

A (*ainm*), a chara,

Seo thíos an fhaisnéis a tiomsaíodh mar fhreagra ar d'iarraidh (*Uimhir thagartha*)

(Tabhair, le do thoil, an fhaisnéis go léir atá ag teastáil chun an iarraidh a chomhlíonadh agus chun cuidiú leis an bpróiseas comhair nó le malartú faisnéise)

……

……

……

……

(Mura raibh tú in ann an fhaisnéis ar fad a iarradh a chur ar fáil agus/nó mura bhfuil tú in ann an sprioc-am le freagra a thabhairt a chomhlíonadh, mínigh na cúiseanna agus tabhair meastachán ar an dáta faoinar féidir leat freagra a thabhairt, le do thoil)

……

……

……

……

(Tabhair, le do thoil, ar bhonn na hiarrachta is fearr, aon fhaisnéis fhíor-riachtanach eile chun cuidiú a thuilleadh leis an bpróiseas malartaithe faisnéise maidir le comhar chun críocha na hiarrata)

……

……

……

……

(Cuir isteach, le do thoil, aon bharúil bhreise maidir le rúndacht sonraí agus maidir leis an gcaoi a bhfuil tú ag súil le húsáid a bhaint as an bhfaisnéis atá tugtha agat)

……

……

……

.....

Mise le meas,

(*síniú*)

IARSCRÍBHINN III

Fógra gur beartaíodh cigireacht ar an láthair a dhéanamh sa Bhallstát óstach

Uimhir thagartha:	**Dáta:**
Ó:	**GO:**
Ballstát:	Ballstát:
Údarás inniúil:	Údarás inniúil:
Seoladh:	Seoladh:
Ainm:	Ainm:
Teil.	Teil.
R-phost.	R-phost.

A (*ainm*), a chara,

Faoi Airteagal 29 de Threoir (AE) 2015/2366 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, tá sé beartaithe agam cigireacht ar an láthair a dhéanamh i do thír, mar a shonraítear thíos.

Faisnéis faoin institiúid íocaíochta a ndéanfar cigireacht uirthi:

……

……

……

……

Faisnéis faoi raon feidhme na cigireachta ar an láthair agus faoin bplean don chigireacht sin, más féidir:

……

……

……

……

Dátaí atá beartaithe le haghaidh na cigireachta ar an láthair:

……

……

Mise le meas,

(*síniú*)

IARSCRÍBHINN IV

Fógra faoi shárú nó faoi shárú amhrasta

Uimhir thagartha:	**Dáta:**
Ó:	**GO:**
Ballstát:	Ballstát:
Údarás inniúil:	Údarás inniúil:
Seoladh:	Seoladh:
Ainm:	Ainm:
Teil.	Teil.
R-phost.	R-phost.

A (*ainm*), a chara,

Faoi Airteagal 29 de Threoir (AE) 2015/2366 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, faigh faisnéis thíos, le do thoil, faoi (*shárú/shárú amhrasta*).

(Tabhair an fhaisnéis fhíor-riachtanach ar fad faoin sárú/sárú amhrasta le do thoil, lenar gá an cineál sáraithe agus aon ghníomh a rinne d'údarás inniúil a chuimsiú, lena n-áirítear aon bheart réamhchúraim nó aon phionós)

……

……

……

……

(Tabhair aon fhaisnéis eile maidir leis an sárú/sárú amhrasta a d'fhéadfadh a bheith ina díol spéise agus ina tairbhe don údarás inniúil ar tugadh fógra dó)

……

……

……

……

(Cuir isteach, le do thoil, aon bharúil bhreise maidir le rúndacht na faisnéise a tugadh agus leis an gcaoi a bhféadfaí úsáid a bhaint aisti)

……

……

……

……

Mise le meas,

(*síniú*)

IARSCRÍBHINN V

Foirm atá le húsáid chun sonraí a thuairisciú chun críoch faisnéise agus staidrimh

Institiúidí íocaíochta a bhfuil a gceanncheathrú i mBallstát agus a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta i mBallstát eile trí ghníomhairí nó brainsí nó institiúidí ríomh-airgid a sholáthraíonn seirbhísí trí ghníomhairí, brainsí nó dáileoirí, ní mór dóibh na sonraí seo a leanas a sholáthar nuair a cheanglaíonn an t-údarás inniúil óstach é sin orthu chun a chur ar a chumas don údarás óstach faisnéis rialta a fháil maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéantar ina thír féin.

Tábla 1. Faisnéis ghinearálta faoin institiúid íocaíochta/institiúid ríomh-airgid

1)	Ainm na hinstitiúide íocaíochta/na hinstitiúide ríomh-airgid	
2)	Cineál institiúide	☐ Institiúid íocaíochta ☐ Institiúid ríomh-airgid
3)	Seoladh cheannoifig na hinstitiúide íocaíochta/na hinstitiúide ríomh-airgid	
4)	Uimhir aitheantais uathúil na hinstitiúide íocaíochta/na hinstitiúide ríomh-airgid i bhformáid an Bhallstáit baile (i gcás inarb infheidhme)	
5)	Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh na hinstitiúide íocaíochta/na hinstitiúide ríomh-airgid (más ann dó)	
6)	Uimhir údaraithe Bhallstát baile na hinstitiúide íocaíochta/na hinstitiúide ríomh-airgid (i gcás inarb infheidhme)	
7)	Teagmhálaí laistigh den institiúid íocaíochta/ institiúid ríomh-airgid (tabhair sonraí teagmhála an duine teagmhála a ceapadh sa Bhallstát óstach, le do thoil, má tá siad ar fáil)	Ainm: Ról: R-phost. Teil.
8)	Seirbhísí íocaíochta atá le soláthar	☐ Seirbhísí lenar féidir airgead a chur i gcuntas íocaíochta chomh maith leis na hoibríochtaí go léir atá ag teastáil chun cuntas íocaíochta a fheidhmiú ☐ Seirbhísí lenar féidir aistarraingtí airgid a dhéanamh ó chuntas íocaíochta chomh maith leis na hoibríochtaí go léir atá ag teastáil chun cuntas íocaíochta a fheidhmiú Idirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú, lena n-áirítear aistrithe cistí ar chuntas íocaíochta le soláthraí seirbhísí íocaíochta an úsáideora nó le soláthraí eile seirbhísí íocaíochta: Dochair dhíreacha a fhorghníomhú, lena n-áirítear dochair dhíreacha aonuaire ☐ Idirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú trí chárta íocaíochta nó trí ghléas dá shamhail ☐

		Aistrithe creidmheasa a fhorghníomhú, lena n-áirítear buanorduithe ☐ Idirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú i gcás ina gcumhdaítear na cistí le líne chreidmheasa le haghaidh úsáideoir seirbhísí íocaíochta: Dochair dhíreacha a fhorghníomhú, lena n-áirítear dochair dhíreacha aonuaire ☐ Idirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú trí chárta íocaíochta nó trí ghléas dá shamhail ☐ Aistrithe creidmheasa a fhorghníomhú, lena n-áirítear buanorduithe ☐ An bhfuil deonú creidmheasa san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/2366? ☐ Tá ☐ Níl ☐ Ionstraimí íocaíochta a eisiúint ☐ Idirbhearta íocaíochta a fháil An bhfuil deonú creidmheasa san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/2366? ☐ Tá ☐ Níl ☐ Seoltán airgid ☐ Seirbhísí tionscanta íocaíochta ☐ Seirbhísí faisnéise cuntas
9)	Seirbhísí ríomh-airgid atá le soláthar (infheidhme maidir le hinstitiúidí ríomh-airgid, agus maidir leis na hinstitiúidí sin amháin)	☐ Dáileadh ríomh-airgid ☐ Fuascailt ríomh-airgid
10)	Ainm agus seoladh na ndeich ngníomhaire is mó sa Bhallstát óstach de réir luach na n-idirbheart	Gníomhaire 1 Gníomhaire 2 … Gníomhaire 10
11)	Ainm agus seoladh na ndeich ndáileoir is mó sa Bhallstát óstach de réir luach dáilte/luach fuascailte an ríomh-airgid	Dáileoir 1 Dáileoir 2 … Dáileoir 10

Tábla 2. Brainsí

	Líon
Líon iomlán na mbrainsí agus a seoltaí, i gcás inarb infheidhme	
Líon iomlán fostaithe sna brainsí, i gcás inarb infheidhme	

Tábla 3. Gníomhairí

	Faoi shaoirse chun seirbhísí a sholáthar (FOS)	Faoin gceart bunaíochta (FOE)
Líon na ngníomhairí a cláraíodh sa tréimhse tuairiscithe		
Líon iomlán na ngníomhairí ag deireadh na tréimhse tuairiscithe		

Tábla 4. Custaiméirí/úsáideoirí seirbhísí íocaíochta

	Cláraithe sa tréimhse tuairiscithe	Ag deireadh na tréimhse tuairiscithe
Líon na gcustaiméirí (creatchonarthaí)		
Líon na n-úsáideoirí seirbhísí íocaíochta (idirbhearta íocaíochta aonair)		

Tábla 5. Ionstraimí íocaíochta cártabhunaithe

	An líon				
	Cártaí creidmheasa	Cártaí imrothlacha	Cártaí dochair	Cártaí réamhíoctha	Eile (sonraigh)
A eisíodh sa tréimhse tuairiscithe					
Gan íoc ag deireadh na tréimhse					

	Cártaí creidmheasa	Cártaí imrothlacha	Cártaí dochair	Cártaí réamhíoctha	Eile (sonraigh)
Luach na n-idirbheart íocaíochta cártabhunaithe arna ndéanamh trí bhíthin					

Tábla 6. Cuntais íocaíochta

	Cuntais íocaíochta
A osclaíodh sa tréimhse tuairiscithe	
A raibh rochtain orthu sa tréimhse tuairiscithe	
Líon iomlán na gcuntas íocaíochta a oibríodh/a coinníodh ar bun sa Bhallstát óstach	
Líon iomlán na gcuntas íocaíochta a raibh rochtain orthu sa Bhallstát óstach	

Tábla 7. Uathmheaisíní bainc (UMBanna)

	Líon	Méid
Líon UMBanna a d'oibrigh/a bhainistigh an institiúid íocaíochta		n.b.
Aistarraingtí airgid		
Airgead tirim a cuireadh i gcuntais íocaíochta		

Tábla 8. Gearáin

	Gníomhairí (FOS)	Gníomhairí (FOE)	Brainsí
Líon comhiomlánaithe na ngearán a fuarthas ó úsáideoirí seirbhísí íocaíochta laistigh den tréimhse tuairiscithe			

Tábla 9. Iomlán na n-idirbheart calaoiseach

	Méid	Oll-luach
Iomlán na n-idirbheart íocaíochta calaoiseach		

Tábla 10. Fógraí chuig an aonad um fhaisnéis airgeadais sa Bhallstát óstach

	Méid
Líon na dtuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha a seoladh chuig an aonad um fhaisnéis airgeadais	

Tábla 11. Idirbhearta íocaíochta isteach sa Bhallstát óstach agus amach as

	Méid								**Luach**							
	Gníomhairí (FOS)		**Gníomhairí (FOE)**		**Brainse**		**IOMLÁN**		**Gníomhairí (FOS)**		**Gníomhairí (FOE)**		**Brainse**		**IOMLÁN**	
Seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2366	Isteach	Amach	Isteach	Amach	Isteach	Amach	Isteach	Amach	Isteach	Amach	Isteach	Amach	Isteach	Amach	Isteach	Amach
1																
2																
3a																
3b																
3c																
4a																
4b																
4c																
5 (ionstraimí íocaíochta a eisiúint)																
5 (idirbhearta íocaíochta a fháil)																
6																
7																

Tábla 12. Tír cinn scríbe na n-idirbheart íocaíochta AMACH (ná foilsigh ach na tíortha sin atá freagrach as > 10 % den luach iomlán)

	Gníomhairí (FOE)			**Gníomhairí (FOE)**			**Brainse**		
Seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2366	Tír 1	Tír 2	…	Tír 1	Tír 2	…	Tír 1	Tír 2	…
1									
2									
3a									
3b									
3c									
4a									
4b									
4c									
5 (ionstraimí íocaíochta a eisiúint)									
5 (idirbhearta íocaíochta a fháil)									
6									
7									

Tábla 13. Tír thionscnaimh na n-idirbheart íocaíochta ISTEACH (ná foilsigh ach na tíortha sin atá freagrach as > 10 % den luach iomlán)

	Gníomhairí (FOE)			**Gníomhairí (FOE)**			**Brainse**		
Seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2366	Tír 1	Tír 2	…	Tír 1	Tír 2	…	Tír 1	Tír 2	…
1									
2									
3a									
3b									
3c									
4a									
4b									
4c									
5 (ionstraimí íocaíochta a eisiúint)									
5 (idirbhearta íocaíochta a fháil)									
6									
7									

Tábla 14. Idirbhearta íocaíochta arna miondealú de réir an tslabhra dáilte

	Méid						**Luach**					
Seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2366	Aghaidh ar aghaidh	Ar líne	Fón póca	UMB	Fón	Eile	Aghaidh ar aghaidh	Ar líne	Fón póca	UMB	Fón	Eile
1												
2												
3a												
3b												
3c												
4a												
4b												
4c												
5 (ionstraimí íocaíochta a eisiúint)												
5 (idirbhearta íocaíochta a fháil)												
6												
7												

Tábla 15. Seirbhísí ríomh-airgid

	Méid
Ríomh-airgead arna dháileadh le linn na tréimhse tuairiscithe sa Bhallstát óstach	
Ríomh-airgead arna fhuascailt le linn na tréimhse tuairiscithe sa Bhallstát óstach	

Tábla 16. Dáileoirí ríomh-airgid

	Faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar (FOS)	Faoin gceart bunaíochta (FOE)
Líon na ndáileoirí a cláraíodh sa tréimhse tuairiscithe		
Líon iomlán na ndáileoirí ag deireadh na tréimhse tuairiscithe		

IARSCRÍBHINN VI

Foirm atá le húsáid chun sonraí a thuairisciú chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Teidil III agus IV de Threoir (AE) 2015/2366

Institiúidí íocaíochta nó institiúidí ríomh-airgid a bhfuil a gceanncheathrú i mBallstát agus a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta i mBallstát eile trí bhrainsí nó gníomhairí faoin gceart bunaíochta, ní mór dóibh na sonraí breise seo a leanas a chur ar fáil nuair a theastaíonn ó na húdaráis inniúla óstacha chun é a chur ar a gcumas do na húdarás faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Teidil III agus IV de Threoir (AE) 2015/2366.

Tábla 1: Faisnéis ghinearálta faoin institiúid íocaíochta/institiúid ríomh-airgid

1)	An duine nó na ndaoine atá freagrach as gníomhaíocht na hinstitiúide íocaíochta agus/nó an t-oifigeach comhlíontachta sa Bhallstát óstach (murab ionann iad), i gcás inarb infheidhme	a. Ainm an ionadaí b. Seoladh c. Uimhir theileafóin d. Ríomhphost
2)	An pointe teagmhála lárnach, más rud é gur ceapadh é agus/nó má tá sé ag teastáil i gcomhréir le hAirteagal 29(4) de Threoir (AE) 2015/2366	a. Ainm an ionadaí b. Seoladh c. Uimhir theileafóin d. Ríomhphost
3)	Láimhseáil gearán	An bhfuil nós imeachta inmheánach agat chun gearáin ó chustaiméirí a láimhseáil agus chun bearta leantacha a dhéanamh ina leith? ☐ Tá ☐ Níl Tabhair sonraí teagmhála an duine/na ndaoine atá freagrach as gearáin a láimhseáil, le do thoil: Ainm: Seoladh: Teil. R-phost. An bhfuil an nós imeachta sin ar fáil i dteanga oifigiúil an Bhallstáit óstaigh? ☐ Tá ☐ Níl Mura bhfuil, luaigh na teangacha ina bhfuil an nós imeachta um ghearáin ó chustaiméirí ar fáil. Tabhair cur síos gairid, le do thoil, ar do nós imeachta inmheánach chun déileáil le gearáin ó úsáideoirí seirbhísí íocaíochta sa Bhallstát óstach (300 focal ar a mhéad)
4)	Samhail ghnó	An é seo an chéad tuarascáil uait lena n-áirítear cur síos gairid ar do shamhail gnó? ☐ Is é ☐ Ní hé Más é, tabhair tuairisc ghairid ar do shamhail ghnó, le do thoil, ina ndírítear ar na táirgí agus na seirbhísí íocaíochta a chuirtear ar fáil agus ar an gcaoi a bhfostaíonn tú gníomhairí/dáileoirí sa Bhallstát óstach (300 focal ar a mhéad) Murab é, an ndearna tú aon athrú suntasach ar do shamhail ghnó le linn na tréimhse tuairiscithe? ☐ Rinne ☐ Ní dhearna Más rud é go ndearna, tabhair tuairisc ghairid ar na hathruithe le do thoil (300 focal ar a mhéad).

Tábla 2. Miondealú mionsonraithe ar ghearáin

	Gníomhairí				**Brainsí**			
	A fuarthas	A réitíodh	Nár réitíodh	Nár frea-graíodh	A fuarthas	A réitíodh	Nár réitíodh	Nár frea-graíodh
Líon na ngearán a fuarthas ó úsáideoirí seirbhísí íocaíochta maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí faoi Theidil III agus IV de Threoir (AE) 2015/2366 agus ábhair a bhaineann le slándáil sa tréimhse tuairiscithe								

Tábla 3. Iarrataí ar aisíocaíochtaí

	Gníomhairí		**Brainsí**	
	A aisíocadh	Nár aisíocadh	A aisíocadh	Nár aisíocadh
Líon comhiomlánaithe na n-iarrataí ar aisíocaíochtaí a fuarthas ó úsáideoirí seirbhísí íocaíochta le haghaidh idirbhearta íocaíochta neamhúdaraithe agus/nó idirbhearta íocaíochta a rinneadh go mícheart sa tréimhse tuairiscithe				

	Úsáideoirí seirbhísí íocaíochta		**ASPSPanna**	
	A aisíocadh	Nár aisíocadh	A aisíocadh	Nár aisíocadh
Líon comhiomlánaithe na n-iarrataí ar aisíocaíochtaí a fuarthas le haghaidh caillteanais a d'eascair as na dliteanais dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Threoir (AE) 2015/2366 sa tréimhse tuairiscithe				
Líon comhiomlánaithe na n-iarrataí ar aisíocaíochtaí a fuarthas le haghaidh caillteanais a d'eascair as na dliteanais dá dtagraítear in Airteagal 5(3) de Threoir (AE) 2015/2366 sa tréimhse tuairiscithe				

Tábla 4. Miondealú mionsonraithe ar luach iomlán na n-aisíocaíochtaí a rinneadh

	Gníomhairí		**Brainsí**	
	Neamhúdaraithe	A rinneadh go mícheart	Neamhúdaraithe	A rinneadh go mícheart
Luach iomlán na n-aisíocaíochtaí le húsáideoirí seirbhísí íocaíochta le haghaidh idirbhearta íocaíochta neamhúdaraithe agus/nó idirbhearta íocaíochta a rinneadh go mícheart sa tréimhse tuairiscithe				
I gcás inarb infheidhme, luach iomlán na n-aisíocaíochtaí le húsáideoirí seirbhísí íocaíochta le haghaidh caillteanais a d'eascair as na dliteanais dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Threoir (AE) 2015/2366 sa tréimhse tuairiscithe				
I gcás inarb infheidhme, luach iomlán na n-aisíocaíochtaí le ASPSPanna le haghaidh caillteanais a d'eascair as na dliteanais dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Threoir (AE) 2015/2366 sa tréimhse tuairiscithe				

	Rochtain neamhúdaraithe ar fhaisnéis faoi chuntais íocaíochta/ úsáid neamhúdaraithe a baineadh as faisnéis faoi chuntais íocaíochta	**Rochtain chalaoiseach ar fhaisnéis faoi chuntais íocaíochta/ úsáid chalaoiseach a baineadh as faisnéis faoi chuntais íocaíochta**
I gcás inarb infheidhme, luach iomlán na n-aisíocaíochtaí le húsáideoirí seirbhísí íocaíochta le haghaidh caillteanais a d'eascair as na dliteanais dá dtagraítear in Airteagal 5(3) de Threoir (AE) 2015/2366 sa tréimhse tuairiscithe		
I gcás inarb infheidhme, luach iomlán na n-aisíocaíochtaí le ASPSPanna le haghaidh caillteanais a d'eascair as na dliteanais dá dtagraítear in Airteagal 5(3) de Threoir (AE) 2015/2366 sa tréimhse tuairiscithe		

Tábla 5. Teagmhais oibríochtúla agus slándála

	Gníomhairí	**Brainsí**
Líon na mórtheagmhas oibríochtúil agus/nó slándála sa tréimhse tuairiscithe		

Tábla 6. Leasuithe ar chreatchonarthaí sa tréimhse tuairiscithe

Cuir tic sa bhosca/sna boscaí, le do thoil, chun aon leasú a shonrú a ndearnadh é sa tréimhse tuairiscithe ar na coinníollacha seo a leanas sa chreatchonradh lena rialaítear na cuntais íocaíochta a oibríonn tú	☐ Táillí agus muirir ☐ Rátaí úis/malairte ☐ Cearta de chuid úsáideoirí seirbhísí íocaíochta ☐ Oibleagáidí de chuid úsáideoirí seirbhísí íocaíochta ☐ Nós imeachta tionscanta íocaíochta

Cuir tic sa bhosca/sna boscaí, le do thoil, chun aon leasú a shonrú a ndearnadh é sa tréimhse tuairiscithe ar na coinníollacha seo a leanas sa chreatchonradh lena rialaítear na cártaí creidmheasa a d'eisigh tú	☐ Táillí agus muirir ☐ Rátaí úis/malairte ☐ Teorainneacha caiteachais ☐ Cearta de chuid úsáideoirí seirbhísí íocaíochta ☐ Oibleagáidí de chuid úsáideoirí seirbhísí íocaíochta ☐ Nós imeachta tionscanta íocaíochta
Cuir tic sa bhosca/sna boscaí, le do thoil, chun aon leasú a shonrú a ndearnadh é sa tréimhse tuairiscithe ar na coinníollacha seo a leanas sa chreatchonradh lena rialaítear na cártaí dochair a d'eisigh tú	☐ Táillí agus muirir ☐ Rátaí malairte ☐ Teorainneacha caiteachais ☐ Cearta de chuid úsáideoirí seirbhísí íocaíochta ☐ Oibleagáidí de chuid úsáideoirí seirbhísí íocaíochta ☐ Nós imeachta tionscanta íocaíochta
Cuir tic sa bhosca/sna boscaí, le do thoil, chun aon leasú a shonrú a ndearnadh é sa tréimhse tuairiscithe ar na coinníollacha seo a leanas in aon chreatchonradh eile (sonraigh, le do thoil) ina bhfuil tú i do pháirtí	☐ Táillí agus muirir ☐ Rátaí úis/malairte ☐ Teorainneacha caiteachais ☐ Cearta de chuid úsáideoirí seirbhísí íocaíochta ☐ Oibleagáidí de chuid úsáideoirí seirbhísí íocaíochta ☐ Nós imeachta tionscanta íocaíochta